2024.M5

2024L001G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Gaeilge

## Páipéar 1
## (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

## Gnáthleibhéal

**Dé Luain 10 Meitheamh Tráthnóna 2:00 - 3:50**

160 marc

**Scrúduimhir**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

**Dáta Breithe**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | / | | / | |

Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú seo sna spásanna atá curtha ar fáil sa fhreagarleabhar seo.

Scríobh do chuid freagraí **le peann gorm nó le peann dubh**. **Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid.**

Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Tá **dhá** chuid sa scrúdú seo.

| | | |
|---|---|---|
| Cuid I | An Chluastuiscint | **60 marc** |
| Cuid II | An Cheapadóireacht | **100 marc** |

| Cuid I | An Chluastuiscint | 60 marc |
|---|---|---|

Freagair gach cuid – A, B, C – sa fhreagarleabhar seo.
Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

## Cuid A

Cloisfidh tú ***dhá*** fhógra sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

### FÓGRA A hAON

**1.** **(a)** Cén duine i gColáiste na Carraige atá ag labhairt leis na scoláirí san fhógra seo?

**(b)** Cé mhéad scoláire atá roghnaithe mar bhaill den choiste le haghaidh *Gaelbhratach*?

**2.** **(a)** Cad a bheidh ar siúl i Seomra na Gaeilge ag am lóin gach Céadaoin?

**(b)** Cathain a bhronnfar *Gaelbhratach* ar an scoil má éiríonn lena n-iarrachtaí?

### FÓGRA A DÓ

**1.** **(a)** Cén stiúrthóir a chuir amach an fógra seo?

**(b)** Cén áit sa mhúsaem a mbeidh an cuairteoir ábalta féachaint ar mhíreanna físe d'imreoirí mór le rá i mbun gaiscí ar an bpáirc imeartha?

**2.** Luaigh **dhá** áit a fheicfidh an cuairteoir ar an turas timpeall na staide.

(i)

(ii)

## Cuid B

Cloisfidh tú ***dhá*** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá*** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

### COMHRÁ A hAON

***An Chéad Mhír***

**1**. Cén tír ina raibh Aoife agus a teaghlach ar saoire?

**2.** Cad a dúirt Aoife faoi na hionaid turasóireachta go léir?

***An Dara Mír***

**1.** Scríobh síos áit **amháin** inar cuireadh lóistín ar fáil do dhaoine a theith ó dhainséar.

**2.** Luaigh cineál **amháin** aimsire a tharlaíonn níos minice sa tír seo anois.

### COMHRÁ A DÓ

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén áit sa bhaile mór ar chodail Áine agus grúpa scoláirí óna scoil amuigh?

**2.** Cén duine i scoil Áine a oibríonn go deonach le *Focus Ireland*?

***An Dara Mír***

**1.** Cár bhailigh Áine agus an grúpa scoláirí óna scoil le chéile ag leathuair tar éis a ceathair?

**2.** Cé mhéad airgid a bhailigh Áine agus an grúpa scoláirí óna scoil don charthanas *Focus Ireland*?

## Cuid C

Cloisfidh tú ***dhá*** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

**PÍOSA A hAON**

**1.** Cathain a d'eagraigh an grúpa *Sábháilteacht ar Líne do Pháistí* an tionscnamh speisialta?

**2.** Cad air a gcaitheann líon ard daoine an iomarca ama de réir taighde a rinneadh le déanaí?

**PÍOSA A DÓ**

**1.** Cé mhéad clár a bhí sa tsraith theilifíse *Bláth na hÓige*?

**2.** Cá bhfuil Stiúideo Cuan?

## Cuid II		An Cheapadóireacht		100 marc

## Treoracha

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.

Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

| Cuid II | An Cheapadóireacht | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

| A | Giota Leanúnach/Blag | 50 marc |
|---|---|---|

Scríobh **giota leanúnach** nó **blag** (leathleathanach nó mar sin) ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

(i) Pearsa cheoil a thaitníonn go mór liom.

(ii) Saol an scoláire sa séú bliain.

(iii) Eachtra a tharla i mo cheantar.

| B | Scéal | 50 marc |
|---|---|---|

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeadh ceann **amháin** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar ***thús*** leis.

(i) Ar deireadh, tháinig an ríomhphost ón mbainisteoir. Léigh mé go cúramach é. Léim mo chroí le háthas …

**nó**

(ii) Tráthnóna dorcha geimhridh a bhí ann. Tháinig mé den traein ag an stáisiún mícheart. Bhí mé i bponc …

| C | Litir/Ríomhphost | 50 marc |
|---|---|---|

(i) D’eagraigh do bhliainghrúpa imeachtaí do Sheachtain na Gaeilge sa scoil.
Scríobh **an litir/an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó/di faoi na himeachtaí a d’eagraigh sibh **agus** faoi dhuine cáiliúil a thug cuairt ar an scoil le linn na seachtaine.

**nó**

(ii) Bhí post páirtaimseartha agat i rith laethanta saoire an tsamhraidh.
Scríobh **an litir/an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó/di faoin obair a rinne tú **agus** faoi mar a chaith tú an t-airgead a thuill tú.

| D | Comhrá | 50 marc |
|---|---|---|

(i) Tá scannán á dhéanamh i do cheantar agus tá daoine óga á lorg chun páirt a ghlacadh ann.
Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do chara faoin ábhar sin.

**nó**

(ii) Caitheann tú a lán ama le do chairde ag an deireadh seachtaine agus ní dhéanann tú mórán staidéir. Níl do thuismitheoirí sásta leat. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do thuismitheoirí faoin ábhar sin.

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Gaeilge - Páipéar 1
# (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

Dé Luain 10 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 3:50